**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 13 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1,000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Ainmnigh, déan cur síos agus plé ar **dhá** chineál séadchomhartha dhifriúla de chuid na Clochaoise atá ar fáil in Éirinn.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm agus do theicnící tógála gach ceann de na samplaí atá roghnaithe agat.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar a bhfuil ar eolas agat faoi na pobail a chruthaigh na séadchomharthaí cloiche seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Taispeánann **Cailís Ardach**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, na scileanna nuálacha a bhí ag ceardaithe an 8ú haois.
Déan an ráiteas seo a phlé agus bíodh tagairt agat dá foirm, dá feidhm, dá bunábhair, do mhaisiúchán agus do na teicnící a úsáideadh ina déantús.
**agus**
Ainmnigh, déan cur síos achomair agus plé ar dhéantúsán miotail **amháin** eile ón ré chéanna inar úsáideadh teicnící maisiúcháin den saghas céanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Bhí na crosa cloiche a rinneadh in Éirinn san 12ú haois difriúil i slite éagsúla leis na saothair scrioptúrtha a rinneadh níos luaithe.
Déan plé ar an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat don chros atá ag an Díseart i gcontae an Chláir (*Dysert O'Dea*), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm, do láimhseáil na fíorach daonna agus do na ceardaíochta cloiche.
**agus**
Ainmnigh, déan cur síos achomair agus plé ar chros **amháin** eile nó déantúsán **amháin** eile ón ré chéanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Roghnaigh **duine** de na hailtirí a leanas:
- Edward Lovett Pearce (1699-1733)
- James Gandon (1743-1823).

Ainmnigh foirgneamh **amháin** leis an ailtire a roghnaigh tú. Déan cur síos agus plé ar ghnéithe na hailtireachta, idir struchtúracha agus mhaisiúla, den fhoirgneamh a roghnaigh tú.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar fhoirgneamh ainmnithe **amháin** eile leis an ailtire a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá cur síos déanta ar Roderic O'Conor (1860-1940) mar an chéad phéintéir nua-ealaíne in Éirinn.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat dá shaothar '**An Fheirm ag Lezaven**, **Finistère**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do dhath(anna).
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Roderic O'Conor.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá a lán ealaíontóirí i ndiaidh saothair chumhachtacha mhothúchánacha a bhaineann leis an nGorta Mór a chruthú.
Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus atá bunaithe ar an téama seo. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ealaíontóir, don ábhar, don fhoirm/chomhdhéanamh, don stíl agus do na bunábhair.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:

- Walter Osborne (1859-1903)
- Paul Henry (1876-1958)
- Seán Keating (1889-1977)
- Evie Hone (1894-1955)
- Mainie Jellett (1897-1944)
- Gerard Dillon (1916-1971)
- Robert Ballagh (r.1943).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra a roghnaigh tú, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící agus do thionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Chuir bunú na mainistreacha agus an tóir mhór a bhí ar na bealaí oilithrigh le forbairt na hailtireachta Rómhánúla.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do shampla ainmnithe **amháin** d’eaglais nó d’ard-eaglais Rómhánúil a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do na teicnící tógála, don struchtúr agus don leagan amach.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shampla ainmnithe **amháin** den dealbhóireacht Rómhánúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá go leor de na nuálaíochtaí ealaíonta a bunaíodh le linn an Luath-Renaissance le feiceáil i saothar Masaccio (1401-1428).
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do ‘**An Tríonóid Naofa**’, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Masaccio.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Braitheann saothar Leonardo da Vinci (1452-1519) ar mheascán den fhiosracht shíoraí a bhí ann agus den chur chuige eolaíoch a ghlac sé.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do phictiúr ainmnithe **amháin** le Leonardo. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Leonardo.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Phéinteáil J.M.W. Turner (1775-1851) radhairc a bhí mothúchánach agus drámata agus inar ceiliúradh solas agus atmaisféar.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt don phictiúr ‘**Báisteach**, **Gal Uisce agus Luas - Iarnród Mór an Iarthair**’, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Turner.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Ba bhreathnóir grinn ar an gcine daonna é Edgar Degas (1834-1917).
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do '**Bean ag Iarnáil**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, do dhath(anna), don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Degas.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Bhain Henri Matisse (1869-1954) úsáid as cruthanna stílithe, dathanna láidre agus patrúin ina chuid pictiúr.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do '**Odalisque ag Caitheamh Treabhsair Dheirg**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, do dhath(anna), don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Matisse.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:
- Giotto (c.1267-1337)
- Donatello (1386-1466)
- Velázquez (1599-1660)
- Francisco de Goya (1746-1828)
- Emil Nolde (1867-1956).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat agus bíodh tagairt agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.
(c) Ainmnigh, déan cur síos achomair agus plé ar shaothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- An Stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- Barócachas
- Ciúbachas
- Ealaín súl.

(b) Déan cur síos ar phríomhghnéithe na stíle nó na gluaiseachta a roghnaigh tú.
(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Is fearrde léirthuiscint an duine ar an ealaíon agus ar stair na healaíne má théann sé nó sí féin chuig gailearaithe ealaíne, músaeim nó ionaid léirmhíniúcháin.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le taispeántas ainmnithe i ngailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe a bhí sa taispeántas. Mínigh an dóigh inar feabhsaíodh d'eispéaras agus do chuid foghlama mar gheall ar an gcaoi inar cuireadh na déantúsáin seo ar taispeáint.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe atá agat faoin dóigh a bhféadfadh gailearaithe ealaíne, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin idirghníomhaíocht níos fearr a dhéanamh leis an bpobal agus eispéireas iomlán na gcuairteoirí a fheabhsú.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Nuair a chuirtear saothair ealaíne i láthair i spásanna poiblí cuidítear leis an ealaíontóir idirghníomhú níos fearr le pobal níos leithne ná mar a tharlódh i ngailearaí nó i músaem.
Déan plé ar an ráiteas seo agus déan tagairt don dealbh ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra don scála, do na bunábhair, do dhath(anna)/bhailchríoch agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne saothair ealaíne poiblí a chuirfeadh feabhas ar spás atá amuigh faoin spéir agus atá i do cheantar. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Sna scannáin bheochana is fearr beirtear ar eilimintí den domhan réalaíoch agus ansin tugtar an lucht féachana ar turas isteach i réaltacht eile.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le scannán beochana ainmnithe de do rogha féin.
Bíodh tagairt i do fhreagra agat do na coincheapa dearaidh, do dhath(anna), do na carachtair agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne carachtar beo bunaithe ar úrscéal nó ar dhráma atá ar do chúrsa Ardteistiméireachta. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Baineann go leor dearthóirí grafaicí úsáid as ionramháil ghrianghrafadóireachta chun cuma na n-íomhánna ina saothair a athrú.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca leis an íomhá ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt i do fhreagra agat do na híomhánna, don leagan amach, do na teicnící agus d'éifeacht an tsaothair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne íomhá ghrianghrafadóireachta a ionramháiltear chun bia sláintiúil a fhógairt. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Chun go n-éireoidh le dearadh aghaidheanna siopaí ní mór dó ionannú a dhéanamh idir an siopa agus táirge nó seirbhís fad is go léirítear meas ar an timpeallacht máguaird.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt don aghaidh siopa ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra do chomharthaíocht agus litreoireacht, do dhath(anna) agus d'éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc chun feabhas agus barr maise a chur ar aghaidh an tsiopa seo. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 29 Aibreán – Dé hAoine, 10 Bealtaine Fad: uair an chloig**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 1 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **gloine agus crúiscín bainne**
- **cathaoir a bhfuil tacaí uillinne uirthi**.

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag na hiarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Tá cead ag iarrthóirí suí níos gaire don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

# Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.

**N.B.** Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag, na huillinneacha agus na lámha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ón tosach nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé, an chos dheas chun tosaigh beagán
- an lámh chlé lúbtha ag an uillinn
- greim ag an lámh chlé ar ghloine amach os comhair an choirp
- greim ag an lámh dheas ar chrúiscín bainne os cionn na gloine (ag doirteadh, mar dhea)
- an cuspa ag féachaint ar an ngloine.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus**

- na cosa ar an talamh, na glúine chun tosaigh
- an uillinn chlé ar an taca uillinne clé
- an smig ag baint taca as an lámh chlé
- an cloigeann claonta beagán ar chlé agus ag féachaint chun tosaigh
- greim ag an lámh dheas ar an taca uillinne deas.

Leathanach Bán